AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.1.2024
COM(2024) 32 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le caiteachas CERT**

**Córas Réamhrabhaidh Uimh. 11-12/2023**

GA GA

## 1. TÁBLA MAIDIR LE TOMHALTAS SEALADACH AN 31/12/2023

Cuirtear i láthair sa tuarascáil seo cur chun feidhme sealadach bhuiséad CERT le haghaidh 2023 an 31/12/2023, agus tugtar mionsonraí sa tábla thíos.

Déantar comparáid idir an leibhéal cur chun feidhme agus na leithreasuithe comhfhreagracha a áirítear i mbuiséad 2023.

**Bliain Airgeadais 2023 [1]**

**TOMHALTAS SEALADACH LEITHREASUITHE CERT AN 31/12/2023**

**in EUR milliún**

| | | Buiséad Leithreasuithe [2] | Caiteachas an 15/10/2023 | Réamhaisnéis maidir le caiteachas díreach an Choimisiúin go dtí an 31/12/2021 | Caiteachas iomlán na bliana airgeadais 2023 | Úsáid | An bhearna idir caiteachas agus leithreasuithe | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | EUR milliún | EUR milliún | EUR milliún | EUR milliún | % | % | EUR milliún |
| | | A | B | C | D=B+C | E=D/A | F=E-100% | G=D-A |
| | ***Caiteachas*** | ***40,692.2*** | ***40,645.4*** | ***26.3*** | ***40,671.7*** | ***99.9%*** | ***-0.1%*** | ***-20.5*** |
| ***08 01*** | ***Caiteachas riaracháin tacaíochta na Braisle 'Beartas Talmhaíochta agus Muirí'*** | ***4.6*** | ***4.2*** | ***0.4*** | ***4.6*** | ***100.0%*** | ***0.0%*** | ***0.0*** |
| **08 01 01** | **Caiteachas tacaíochta le haghaidh 'an Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht Talmhaíochta'** | **4.6** | **4.2** | **0.4** | **4.6** | **100.0%** | **0.0%** | **0.0** |
| ***08 02*** | ***An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) (*)*** | ***40,687.6*** | ***40,641.2*** | ***25.9*** | ***40,667.2*** | ***99.9%*** | ***-0.1%*** | ***-20.5*** |
| **08 02 01** | **Cúlchiste talmhaíochta** | **450.0** | **134.5** | | **134.5** | **29.9%** | **-70.1%** | **-315.50694** |
| **08 02 02** | **Cineálacha idirghabhálacha earnála faoi Phleananna Straitéiseacha CBT** | **960.2** | **204.7** | | **204.7** | **21.3%** | **-78.7%** | **-755.5** |
| 08 02 02 01 | Earnáil na dtorthaí agus na nglasraí | 470.0 | 127.6 | | 127.6 | 27.1% | -72.9% | -342.4 |
| 08 02 02 02 | Earnáil na dtáirgí beachaireachta | 53.0 | 37.2 | | 37.2 | 70.2% | -29.8% | -15.8 |
| 08 02 02 03 | Earnáil an fhíona | 399.0 | 13.3 | | 13.3 | 3.3% | -96.7% | -385.7 |
| 08 02 02 04 | Earnáil na leannlusanna | 2.2 | 0.0 | | 0.0 | 0.0% | -100.0% | -2.2 |
| 08 02 02 05 | Earnáil na hola olóige agus na n-ológ boird | 36.0 | 26.7 | | 26.7 | 74.0% | -26.0% | -9.3 |
| **08 02 03** | **Caiteachas a bhaineann leis an margadh lasmuigh de Phleananna Straitéiseacha CBT** | **1,744.9** | **2,469.1** | **14.0** | **2,483.1** | **142.3%** | **42.3%** | **738.2** |
| 08 02 03 01 | POSEI agus na hOileáin bheaga Aeigéacha (seachas íocaíochtaí díreacha) | 229.0 | 222.7 | | 222.7 | 97.2% | -2.8% | -6.3 |
| 08 02 03 02 | Táirgí talmhaíochta a chur chun cinn — Cláir shimplí faoi bhainistíocht chomhroinnte | 83.0 | 76.9 | | 76.9 | 92.6% | -7.4% | -6.1 |
| 08 02 03 03 | Táirgí talmhaíochta a chur chun cinn — Ilchláir agus gníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme ag an gCoimisiún faoi bhainistíocht dhíreach | 96.9 | 82.9 | 14.0 | 96.9 | 100.0% | 0.0% | 0.0 |
| 08 02 03 04 | Scéimeanna scoile | 175.0 | 170.9 | | 170.9 | 97.7% | -2.3% | -4.1 |
| 08 02 03 05 | Ola olóige | 9.0 | 7.8 | | 7.8 | 87.1% | -12.9% | -1.2 |
| 08 02 03 06 | Torthaí agus glasraí | 508.0 | 928.5 | | 928.5 | 182.8% | 82.8% | 420.5 |
| 08 02 03 07 | Fíon | 627.0 | 963.8 | | 963.8 | 153.7% | 53.7% | 336.8 |
| 08 02 03 08 | Beachaireacht | 5.0 | 7.2 | | 7.2 | 143.2% | 43.2% | 2.2 |
| 08 02 03 09 | Leannlusanna | p.m. | 2.2 | | 2.2 | | | |
| 08 02 03 10 | Bearta stórála poiblí agus príobháidí | 12.0 | 6.2 | | 6.2 | 52.1% | -47.9% | -5.8 |
| 08 02 03 11 | Bearta eisceachtúla | p.m. | 0.0 | | 0.0 | | | |
| **08 02 05** | **Íocaíochtaí díreacha lasmuigh de Phleananna Straitéiseacha CBT (*)** | **37,126.0** | **37,688.2** | | **37,688.2** | **101.5%** | **1.5%** | **562.2** |
| 08 02 05 01 | POSEI agus na hOileáin bheaga Aeigéacha (íocaíochtaí díreacha) | 444.0 | 440.9 | | 440.9 | 99.3% | -0.7% | -3.1 |
| 08 02 05 02 | An scéim íocaíochta aonair limistéir (SIAL) | 4,495.0 | 4,475.0 | | 4,475.0 | 99.6% | -0.4% | -20.0 |
| 08 02 05 03 | Íocaíocht athdháilte | 1,661.0 | 1,653.4 | | 1,653.4 | 99.5% | -0.5% | -7.6 |
| 08 02 05 04 | Scéim na híocaíochta bunúsaí (BPS) (**) | 14,192.0 | 14,826.3 | | 14,826.3 | 104.5% | 4.5% | 634.3 |
| 08 02 05 05 | Íocaíocht do chleachtais talmhaíochta a dhéanann leas na haeráide agus an chomhshaoil | 10,931.0 | 10,898.3 | | 10,898.3 | 99.7% | -0.3% | -32.7 |
| 08 02 05 06 | Íocaíocht le haghaidh feirmeoirí i limistéir a bhfuil srianta nádúrtha iontu | 5.0 | 4.9 | | 4.9 | 97.7% | -2.3% | -0.1 |
| 08 02 05 07 | Íocaíocht d'fheirmeoirí óga | 477.0 | 459.1 | | 459.1 | 96.2% | -3.8% | -17.9 |
| 08 02 05 08 | Íocaíocht i leith barr sonrach le haghaidh cadáis | 246.0 | 242.1 | | 242.1 | 98.4% | -1.6% | -3.9 |
| 08 02 05 09 | Scéim tacaíochta cúpláilte deonaí | 4,080.0 | 4,079.7 | | 4,079.7 | 100.0% | 0.0% | -0.3 |
| 08 02 05 10 | Scéim na bhfeirmeoirí beaga | 595.0 | 608.7 | | 608.7 | 102.3% | 2.3% | 13.7 |
| **08 02 06** | **Straitéis bheartais, comhordúchán agus iniúchadh** | **405.5** | **142.5** | **11.9** | **154.4** | **38.1%** | **-61.9%** | **-251.1** |
| 08 02 06 01 | Ceartuithe airgeadais i bhfabhar na mBallstát tar éis cinntí imréitigh cuntas agus imréitigh comhréireachta | 331.4 | 80.2 | | 80.2 | 24.2% | -75.8% | -251.2 |
| 08 02 06 02 | Réiteach díospóidí | p.m. | 0.1 | | 0.1 | | | |
| 08 02 06 03 | CERT — Cúnamh teicniúil oibríochtúil | 74.2 | 62.3 | 11.9 | 74.2 | 100.0% | 0.0% | 0.0 |
| **08 02 99** | **Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích** | **1.0** | **2.2** | | **2.2** | **221.5%** | **121.5%** | **1.2** |

[1] Bliain airgeadais = 16/10/2022 go 15/10/2023 ach is féidir caiteachas faoi bhainistíocht dhíreach an Choimisiúin a bheith ann go dtí an 31/12/2023.

[2] Baineann sé le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas.

**Bliain Airgeadais 2023** [(1)]

**TOMHALTAS SEALADACH LEITHREASUITHE CERT AN 31/12/2023**

**in EUR milliún**

| | | Buiséad Leithreasuithe [(2)] | Caiteachas/Ioncam sannta an 15/10/2023 | Úsáid |
|---|---|---|---|---|
| | | EUR milliún | EUR milliún | % |
| | | A | B | C=B/A |
| | (*) Ní áirítear in 08 02 agus 08 02 05 (lch. 1/2) | | | |
| 08 02 05 12 | Aisíoc íocaíochtaí díreacha le feirmeoirí ó leithreasuithe a tugadh anonn i ndáil le smacht airgeadais | 485.2 | 473.5 | 97.6% |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | (**) Ar mhaithe le faisnéis amháin: caiteachas in aghaidh leithreasuithe bunaidh agus ioncam sannta measta | | | |
| 08 02 05 04 | Scéim na híocaíochta bunúsaí (BPS) — lena n-áirítear ioncam sannta measta | 14,826.3 | 14,826.3 | 100.0% |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | ***Ioncam Sannta*** | ***634.3*** | ***626.2*** | ***98.7%*** |
| 6 2 0 0 | An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta — Ioncam sannta | 632.0 | 623.9 | 98.7% |
| | Ioncam sannta a tugadh ar aghaidh ón mbliain airgeadais roimhe sin | 2.3 | 2.3 | 100.0% |

(1) Bliain airgeadais = 16/10/2022 go 15/10/2023 ach is féidir caiteachas faoi bhainistíocht dhíreach an Choimisiúin a bheith ann go dtí an 31/12/2023.

(2) Baineann sé le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas.

## 2. BARÚLACHA MAIDIR LE CÚLCHISTE TALMHAÍOCHTA 2023

Bhí suim EUR 450 milliún le haghaidh an chúlchiste talmhaíochta i mbuiséad 2023. Glacadh cúig bheart, ar luach EUR 530.5 milliún san iomlán[1].

[1] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2406 ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2022 maidir le bearta eisceachtúla tacaíochta margaidh le haghaidh earnálacha na n-uibheacha agus na feola éanlaithe clóis sa Pholainn (IO L 317, 9.12.2022, lch. 56, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/2406/oj),
Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/739 ón gCoimisiún an 4 Aibreán 2023 lena bhforáiltear do bheart tacaíochta éigeandála d'earnálacha na ngránach agus na n-olashíolta sa Bhulgáir, sa Pholainn agus sa Rómáin (IO L 96, 5.4.2023, lch. 80, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/739/oj),
Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/834 ón gCoimisiún an 18 Aibreán 2023 maidir le bearta tacaíochta margaidh eisceachtúla le haghaidh earnálacha na n-uibheacha agus na feola éanlaithe clóis sa Iodáil (IO L 105, 20.4.2023, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/834/oj),

Maoinítear na chéad trí cinn go heisiach faoi chúlchiste talmhaíochta 2023, agus dá bhrí sin faoi Bhuiséad 2023. Maoinítear an dá bheart dheireanacha faoi bhuiséad 2023 agus 2024 araon, áfach. Dearbhaíodh EUR 134.5 milliún d'íocaíochtaí san iomlán faoi Bhuiséad 2023. Tabharfar fuílleach na leithreasuithe, is é sin EUR 315.5 milliún, anonn go dtí Buiséad 2024.

## 3. BARÚLACHA MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME SEALADACH BHUISÉAD CERT LE HAGHAIDH 2023

Maidir leis an gcaiteachas sealadach i mbuiséad CERT le haghaidh 2023, lena n-áirítear gníomhaíochtaí measta a cuireadh chun feidhme go hiomlán faoi bhainistíocht dhíreach ag an gCoimisiún go dtí an 31 Nollaig 2023, tearc-fhorghníomhú EUR 20.5 milliún a bhí ann i gcomparáid leis na leithreasuithe buiséid a vótáladh. I bhfianaise an ioncaim shannta EUR 626.2 milliún atá ar fáil, is é EUR 646.7 milliún tearcúsáid iomlán CERT.

Áirítear leis an mbarrachas foriomlán CERT sin EUR 315.5 milliún de leithreasuithe a vótáladh (C1) ón gcúlchiste talmhaíochta, a thabharfar anonn i gcomhréir le hAirteagal 16(2), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) 2021/2116 go dtí cúlchiste talmhaíochta 2024.

An barrachas EUR 331.2 milliún atá fágtha, is ioncam breise arna shannadh do CERT (C4) é atá le tabhairt anonn ó 2023 go 2024, rud a laghdóidh méid na leithreasuithe is gá i mBuiséad 2024.

Beidh tionchar beag ag an gcur chun feidhme iarbhír ag deireadh na bliana maidir leis an gcaiteachas arna bhainistiú go díreach chomh maith le roinnt coigeartuithe deireadh bliana agus aistrithe leithreasuithe ar iarmhéid deiridh an ioncaim shannta atá le tabhairt anonn go dtí buiséad 2024. I gcomhthéacs an nós imeachta idir-réitigh maidir leis an mbuiséad le haghaidh 2024, measadh gur EUR 339.8 milliún atá san iarmhéid sin.

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1343 ón gCoimisiún an 30 Meitheamh 2023 lena bhforáiltear do bheart tacaíochta éigeandála le haghaidh earnálacha na ngránach agus na n-olashíolta sa Bhulgáir, san Ungáir, sa Pholainn, sa Rómáin agus sa tSlóvaic (IO L 168, 03.7.2023, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1343/oj), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1465 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2023 lena ndéantar foráil maidir le tacaíocht airgeadais éigeandála do na hearnálacha atá buailte le fadhbanna sonracha a mbíonn tionchar acu ar inmharthanacht eacnamaíoch na dtáirgeoirí talmhaíochta (IO L 180, 17.7.2023, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1465/oj).